3) Ordaítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, do Phoblacht na Fraince agus don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a gcostais féin a íoc.

(1) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – EWC Academy v an Coimisiún**

**(Cás T-330/21)** (1)

***(Beartas sóisialta – Deontais ar cuspóir leo gníomhaíochtaí lena spreagtar tograí maidir le rialachas corparáideach – Glao ar thograí VP/2020/008 – Eisiamh ar chomhairlí oibreacha Eorpacha nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu – Airteagal 197(2)(c) de Rialachán (AE) 2018/1046)***

(2023/C 83/23)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* EWC Academy GmbH (Hamburg, an Ghearmáin) (ionadaí: H. Däubler-Gmelin, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: R. Pethke agus B.-R. Killmann, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir an Cinneadh ón gCoimisiúin Eorpach an 14 Aibreán 2021 a chur ar neamhní, lenar diúltaíodh d’iarratas ar dheontas a raibh curtha isteach aige, agus é ina chomhordaitheoir ar chuibhreannas, mar chuid de ghlao ar thograí VP/2020/008 maidir le rannpháirtíocht na n-oibrithe i rialachas corparáideach.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an Cinneadh ón gCoimisiúin Eorpach an 14 Aibreán 2021 lena ndiúltaítear d’iarratas ar dheontas arna chur isteach ag EWC Academy GmbH faoi ghlao ar thograí VP/2020/008 a chur ar neamhní;

2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais arna dtabhú ag EWC Academy a íoc, anuas ar a chostais féin.

(1) IO C 320, an 9.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Eanáir 2023 – YAplus DBA Yoga Alliance v EUIPO – Vidyanand (YOGA ALLIANCE INDIA INTERNATIONAL)**

**(Cás T-443/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais – Imeachtaí freasúra – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Marc fíortha YOGA ALLIANCE INDIA INTERNATIONAL – Trádmharc fíortha roimhe sin de chuid an Aontais yoga ALLIANCE – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmais baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Scrúdú ar na fíricí arna ndéanamh ag EUIPO uaidh féin – Airteagal 95(1) de Rialachán 2017/1001)***

(2023/C 83/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* YAplus DBA Yoga Alliance (Arlington, Virginia, na Stáit Aontaithe), (ionadaí: A. Thünken, Dlíodóir)